2010 Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta

Seimineár Taighde

Táscairí agus spriocanna a úsáid i mbeartas um chuimsiú sóisialta: Dearcthaí Náisiúnta agus Eorpacha

Dé Céadaoin, 3 Samhain 2010

(9rn - 1in)

Ionad:
An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
Cearnóg Whitaker
Cé Sir John Rogerson,
BÁC 2.

UCD DUBLIN SSRC Social Science Research Centre www.ucd.ie/ssrc

Social Inclusion Division
An Rannán um Chuimsiú Sóisialta
An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs

ESRI

ESRI @ 50 : Providing Evidence for Policy
THE ECONOMIC AND SOCIAL RESEARCH INSTITUTE

Cuspóir an tSeimineáir

Is é aidhm an tseimineáir an úsáid mhéadaithe atá á baint as táscairí agus spriocanna i mbeartais um chuimsiú sóisialta ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal Eorpach a chíoradh agus a phlé. Beidh an seimineár dírithe ar an sprioc i ndáil le cuimsiú sóisialta ar ghlac an AE léi le deireanas sa straitéis An Eoraip 2020, agus ar an gcaoi ina léireofar an sprioc sin ag an leibhéal náisiúnta. Breithneofar sa seimineár chomh maith an chaoi inar féidir táscairí a úsáid chun monatóireacht inbhraite oibiachtúil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeartas um chuimsiú sóisialta. Beidh Rannán um Chuimsiú Sóisialta na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus Ionad Taighde sna hEolaíochtaí Sóisialta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ina n-óstaigh don seimineár.

Clár

08:45	Clárú agus Caife	
09.30	Fáiltiú agus réamhrá	An tOllamh Frances Ruane, Stiúrthóir, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Seisiún 1: Spriocanna i ndáil leis an mbochtaineacht a fhorbairt ag an leibhéal náisiúnta agus Eorpach

Cathaoirleach: An Dr Helen Russell, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

09.35	Páipéar 1: The European poverty target [An Sprioc Eorpach i ndáil leis an mbochtaineacht] Olivier Bontout, Leas-Chathaoirleach agus Ionadaí Rialtas na Fraince ar Fhoghrúpa Táscairí an Choiste Cosanta Sóisialta agus DREES - Direction de la Recherche, des Etudes, de l'Evaluation et des Statistiques
10.05	Páipéar 2: The Irish approach to poverty targets [Cur chuige na hÉireann maidir le spriocanna i ndáil leis an mbochtaineacht] Jim Walsh, An Rannán um Chuimsiú Sóisialta, An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
10.35	Seisiún ceisteanna is freagraí
10.50	Caife

Seisiún 2: Tacaíocht a thabhairt d'úsáid spriocanna i ndáil leis an mbochtaineacht nuair atá beartais á ndéanamh

Cathaoirleach: Catherine Hazlett, An Rannán um Chuimsiú Sóisialta, An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta

11.10	Páipéar 3: Targets and poverty policy: challenges and opportunities [Spriocanna agus beartas i ndáil leis an mbochtaineacht: dúshláin agus deiseanna] An tOllamh Brian Nolan, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta Feidhmeacha, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
11.40	Páipéar 4: Monitoring and analysing progress on poverty policy [Monatóireacht agus anailísiú a dhéanamh ar dhul chun cinn i mbeartas i ndáil leis an mbochtaineacht] An tOllamh Tim Callan, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

12.10 Seisiún ceisteanna is freagraí

Seisiún 3: Plé Painéil
Cathaoirleach: An tOllamh Christopher Whelan, Scoil na Socheolaíochta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

12.25 *An Dr. Seán Healy SMA, Ceartas Sóisialta na hÉireann*
Helelen Johnston, An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta
Catherine Hazlett, An Rannán um Chuimsiú Sóisialta, An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta

12.45 Plé oscailte

13.00 Focail scoir

Cuirfear lón éadrom ar fáil do na rannpháirtithe

Comhlachtaí Eagrúcháin

Tá Rannán um Chuimsiú Sóisialta na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta freagrach as comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéisí an Rialtais a bhaineann le cuimsiú sóisialta, lena n-áirítear an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016. Tá dualgas ar leith air i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí bochtaineachta agus ar thorthaí beartais. Comhordaíonn an Rannán clár náisiúnta na hÉireann do Bhliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta 2010.

Is ceann de na hionaid taighde is ceannródaí san Eoraip ó thaobh na n-eolaíochtaí sóisialta de í an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus beidh sí ar an bhfód le 50 bliain i mbliana. Is ar athrú geilleagrach agus sóisialta in Éirinn sa chomhthéacs nua domhanda is mó a dhírítear taighde na hInstitiúide. Soláthraíonn Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta na hÉireann taighde a chuidíonn chun an t-athrú geilleagrach agus sóisialta a thuiscint agus a thugann treoir do dhéanamh beartais phoiblí agus don tsochaí shibhialta in Éirinn agus ar fud an Aontais Eorpaigh.

Is é misean Ionad Taighde an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath sna hEolaíochtaí Sóisialta éascaíocht a dhéanamh do agus tacaíocht a thabhairt ar mhaithe le taighde sármhaith a dhéanamh agus le comhoibriú idirdhisciplíneach ar thaighde i gColáiste na nEolaíochtaí Daonna, agus lena chois sin feabhas a chur ar phróifíl náisiúnta agus idirnáisiúnta an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath i ndáil le taighde ar eolaíocht shóisialta. Tugtar taighdeoirí ó raon leathan disciplíní ar fud an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le chéile san Ionad Taighde sna hEolaíochtaí Sóisialta chun líonraí agus naisc dhisciplíneacha agus idirdhisciplíneacha idir eolaithe sóisialta an Choláiste a fhorbairt, chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do thaighde PhD ar eolaíocht shóisialta, agus chun dearscnaitheacht agus infheictheacht an Choláiste a fheabhsú i léann domhanda na heolaíochta sóisialta.

Áit a chur in áirithe agus Ionad an tSeimineáir

Sonraí faoi áit a chur in áirithe Ní ghearrfar táille ar bith as freastal ar an imeacht ach ní mór áit a chur in áirithe roimh ré. Tá teorainn le líon na n-áiteanna atá ar fáil agus moltar áit a chur in áirithe go luath. Leithdháilfear áiteanna ar dhaoine de réir mar a chuirfidh siad in áirithe iad. I gcás go mbeidh éileamh ard ar áiteanna, féadfar daoine a bheidh deireanach ó thaobh áit a chur in áirithe a chur ar an liosta feithimh.

Beidh an seimineár ar siúl san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta atá lonnaithe ag:-

Cearnóg Whitaker
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2.
Teil: +353 1 863 2000
Suíomh Gréasáin: www.esri.ie

Cliceáil anseo chun áit a chur in áirithe agus cláraigh faoin 29 Deireadh Fómhair, 2010 ar a dhéanaí.

Má tá ceist ar bith agat i ndáil leis an modh ina gcuirtear áit in áirithe, déan teagmháil le: Mary Dowling, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Teil +353 1 863 2000.

Conas Teacht ar an Ionad

Tá an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta lonnaithe ar Chearnóg Whitaker, Cé Sir John Rogerson, BÁC 2. Is do choisithe amháin an Chearnóg seo agus níl feiceáil éasca uirthi ó na sráideanna mórthimpeall uirthi.

Tá bealaí isteach do choisithe ó Ché Sir John Rogerson (in aice le foirgneamh mór bán O2), ó Lána Chairdif (díreach in aice le hÓstán Maldron) agus ó Shráid Hanover Thoir (díreach soir ón acomhal le Sráid na hÉirne Íochtarach).

Iompar Poiblí

Is é Stáisiún na bPiarsach ar Rae an Iarthair an stáisiún DART is cóngaraí don ionad agus is é Cearnóg an Mhéara an stáisiún Luas (líne dhearg) is cóngaraí dó. Ní théann a lán busanna go dtí an ceantar seo faoi láthair, ach téann bus 74 B ó Lána Chairdif go Teach Mealóg agus tá líon áirithe busanna a fhreastalaíonn ar Shráid an Phiarsaigh.

Páirceáil

Tá páirceáil sráide dioscaí ar Lána Chairdif, ar Shráid Hanover Thoir agus ar Shráid na hÉirne. Tá carrchlós poiblí ag Cé na Dánlainne agus is féidir dul isteach ann ó Radharc an tSimléir, a bhfuil rochtain air ó Shráid an Phiarsaigh. Tá carrchlóis eile ar fáil ag: Stáisiún Uí Chonghaile, Jurys ag Teach an Chustaim, Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Sráid Dhásain agus Plás Shéanna (le rochtain air ó Shráid Nassau).

Lóistín

Is é an tÓstán Maldron, Lána Chairdif, an t-óstán is cóngaraí don ionad. Ní mór lóistín a chur in áirithe leis an óstán féin agus is é an toscaire a íocfaidh táille an óstáin.

Cainteoirí agus cathaoirligh

Is í an tOllamh Frances Ruane stiúrthóir na Institiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ó mhí na Nollag 2006. Sular thosaigh sí leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, b'Ollamh Comhlach í le Roinn na hEacnamaíochta i gColáiste na Tríonóide. D'oibrigh sí níos luaithe ina saol oibre leis an mBanc Ceannais agus le Queen's University (Ontario).

Is Ollamh Taighde Comhlach í an Dr Helen Russell leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Is Comhordaitheoir an Chláir um thaighde ar Chuimsiú Sóisialta í agus is comhordaitheoir comhpháirteach an Chláir um Thaighde ar Chomhionannas í. Is ball d'fhoireann bainistíochta an chláir Ag Fás Aníos in Éirinn í freisin. Bíonn taighde á dhéanamh aici ar raon saincheisteanna idircheangailte a bhaineann le comhionannas, an teaghlach, an margadh saothair agus an bhochtaineacht/cuimsiú sóisialta.

Is Príomhoifigeach Cúnta é Jim Walsh sa Rannán um Chuimsiú Sóisialta, an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Baineann cúlra gairmiúil Jim le hanailísiú taighde agus beartais.

Is Príomhoifigeach í Catherine Hazlett sa Rannán um Chuimsiú Sóisialta, an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Chaith sí formhór a saoil oibre ag obair leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus tá an-chuid taithí aici ar fhorbairt beartais agus seirbhíse.

Is Ceann Scoile Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta Feidhmeacha sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é an tOllamh Brian Nolan. Roimhe seo, d'oibrigh sé leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, áit ina raibh sé ina cheannaire ar an Rannán um Thaighde ar Bheartas Sóisialta, agus leis an mBanc Ceannais.

Is Ollamh Taighde é an tOllamh Tim Callan leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Déanann sé clár na hInstitiúide ar Chánachas, ar Leas agus ar Phinsin a chomhordú, clár atá dírithe ar bhonn fianaise a fhorbairt chun treoir a thabhairt do chinntí beartais sna réimsí ríthábhachtacha sin. Tá cuid mhaith d'obair na hInstitiúide bunaithe ar shamhail shochar cánach na hInstitiúide SWITCH (Simulating Welfare and Income Tax Changes [Athruithe ar Leas agus ar Cháin Ioncaim a Ionsamhlú]) a úsáideadh chun aghaidh a thabhairt ar raon leathan saincheisteanna beartais, lena n-áirítear roinnt gnéithe den Choimisiún um Chánachas a rinneadh le deireanas.

Is Ceann Scoile Scoil na Socheolaíochta ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é an tOllamh Christopher Whelan. B'Ollamh Taighde leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta é roimhe seo. Is é atá ina Chathaoirleach ar an gCuibhreannas Eorpach um Thaighde Socheolaíochta, is ball d'Acadamh Ríoga na hÉireann é, is comh-eagarthóir ar an European Sociological Review é agus is ball de bhord eagarthóireachta Longitudinal and Life Course Studies é.

Is Stiúrthóir Cheartas Sóisialta na hÉireann é an Dr Seán Healy SMA. Is eagraíocht taighde agus tathanta í seo de dhaoine aonair agus de ghrúpaí, idir thuata agus reiligiúnacha, ar fud na hÉireann atá tiomanta do shochaí chóir a chur chun cinn ina dtaispeánfar meas ar chearta an duine, ina gcosnófar dínit an duine, ina n-éascófar forbairt an duine agus ina gcaomhnófar agus ina léireofar meas ar an gcomhshaol.